

Comhthéacs Beartais

Clúdaítear folláine fhisiceach, intinne agus shóisialta i sláinte chomh maith le neamhláithreach tinnis agus éigléochta, agus cinntear í de réir chomhthéacs sóisialta, polaitiúla agus eacnamaíochta i saol na ndaoine, in éineacht le bitheolaíocht (an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte). Réimse tábhachtach neamhionannais idir mná agus fir is í an tsláinte mar gheall ar a rochtain ar bunacmhainní sláinte agus úsáid orthu atá difriúil agus míchothrom. Ag an am céanna, bíonn sláinte ban i mbaol áirithe a bhaineann le gnéasacht agus atáirgeadh. Bíonn mná i mbaol drochiarmhairtí sláinte a bhaineann le bochtaineacht agus spleáchas eacnamaíochta, le foréigean agus le hidirdhealú ina naghaidh.

Conclúidí na Comhairle maidir le Comhionannas agus Sláinte i ngach uile Bheartas (Meitheamh 2010), rinne an Chomhairle:

- Imní a chur in iúl maidir le difríochtaí i stádas sláinte idir Ballstáit AE agus an leochaileacht i dtaca le drochshláinte ag grúpaí áirithe daoine.
- Aithint nach leor seirbhísí sláinte amháin le hacmhainneacht sláinte a uasmhéadú agus le haghaidh a thabhairt ar neamhionannas.
- Iarraidh ar Bhallstáit beartais agus gníomhartha a fhorbairt le neamhionannas a laghdú, le bailiúchán sonraí agus eolas a bharrfheabhsú agus le cumas sláinte poiblí a fheabhsú.

Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le neamhionannas sláinte a laghdú in AE arna ghlacadh Márta 2011

- Cuireadh béim ar chomhluachanna agus ar chomhphrionsabail amhail rochtain ar chúram ardcháilíochta, comhionannas agus dlúthpháirtíocht agus dúirt athuir go mbíonn tionchar ag inscne ar an tsláinte.
- Bíonn mná faoi ghannionadaíocht i dtrialacha cliniciúla, agus fulaingíonn iarmhairtí sláinte a bhaineann le foréigean orthu.
- Iarradh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit feabhas a chur ar rochtain ar chosc ar ghalair, ar chur chun cinn sláinte agus ar sheirbhísí cúram sláinte agus neamhionannas idir grúpaí sóisialta agus aoisgrúpaí a laghdú.

D'éisigh an Coimisiún Eorpach Pacáiste Infheistíochta Sóisialta Cumarsáide i Mí Feabhra 2013 lena naithnítear ról an chórais cúram sláinte i leith cuspóirí fáis cuimsitheacha sa Straitéis Eoraip 2020 a chumasú.

Cuspóirí straitéiseacha BPfA (Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising) agus táscairí an Aontais Eorpach

- C.1.** Méadú a chur ar rochtain ag mná le linn an tsaoil ar chúram sláinte cuí, inacmhainne agus d'ardchaighdeán, ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí gaolmhara.
- C.2.** Cláir choisctheacha, a chuireann sláinte na mban chun cinn, a neartú.
- C.3.** Tabhairt faoi thionscnaimh atá íogair ó thaobh inscne de a thugann aghaidh ar ghalair ghnéastarchurtha, ar VEID/SEIF (HIV/AIDS), agus ar shaincheisteanna a bhaineann le sláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe.
- C.4.** Taighde ar shláinte ban a chur chun cinn agus an fhaisnéis sin a scaipeadh.
- C.5.** Méadú a chur ar acmhainní agus faireachán a dhéanamh ar iarsheiceáil sláinte ban.

Glacadh na trí tháscaire um fhaireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an ábhair imní rithábhachtaigh sin i rith Uachtaránacht na hOstaire ar Chomhairle AE, 2006. Díríonn siad ar an gcéad chuspóir straitéiseach, is iad sin, inrochtaineacht agus cáilíocht an chúraim sláinte do mhná, agus breathnaíonn ar bhlianta sláinte (táscaire 1), ar rochtain ar chúram sláinte (táscaire 2), agus ar ghalair chardashoithíochta (táscaire 3). Príomhábhar a bhaineann le cuid dá chuspóirí, amhail iarmhairtí ar scéimeanna coisctheacha ar shláinte ban, agus éilítear tuilleadh taighde dá réir.

Tugtar na sonraí agus an fhaisnéis is déanaí ar na táscairí seo sa bhunachar sonraí Mná agus fir in AE — Fíorais agus figiúirí, arna fhorbairt ag an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, atá ar fáil ag: <http://eige.europa.eu/content/women-and-men-in-the-eu-facts-and-figures>



Torthaí ó shonraí ar fud an Aontais Eorpaigh

Tá laghdú i ngalair chardashoithíocha mar chúis mhortlaíochta i measc ban

Is í an príomhchúis mhortlaíochta iad galair chardashoithíocha chomh maith le míchumas agus galracht i measc ban san Eoraip. Is iad galair chardashoithíocha is cúis le timpeall leath na mbásanna in AE.

Is é galar corónach croí (GCC) an cúis is coitianta le bás i measc galar cardashoithíoch in AE, is cúis le 13 % de bhás i mná agus le 15 % i bhfir. Is é an stróc, galar ceirbreashoithíoch, an dara chúis is coitianta le bás sna galair chardashoithíocha san Eoraip; fuair 11 % de mhná agus 8 % d'fhir bás de bharr stróc in AE in 2010. I ngach uile Bhallstát, is airde céatadán na mbásanna ag mná de bharr stróc ná ag fir. Go ginearálta, tá céatadán na mbásanna ban a bhaineann le stróc, mar chéatadán de gach cúis báis, laghdaithe i mórchuid de na Ballstáit ó bhí 2007 ann.

Idir na blianta 2007 agus 2010, bhí laghdú beag i gcéatadán na mbásanna ban de bharr galair chardashoithíocha, mar chéatadán de gach cúis le bás i mórchuid de na Ballstáit.

Cuireann an méadú in iompar míshláintiúil ban ionchais saoil níos faide i mbaol


Tá ionchas saoil na mban in AE ag méadú agus tá sé níos fearr ná ag na fir. Ag an am céanna, le blianta beaga anuas, tá dúnadh suntasach sa bhearna inscne le feiceáil, go mór mór i bhfabhar na bhfear. Féadfaidh méadú i ráta na mban a chaitheann tobac agus in ailse scamhóg, in éineacht le rannpháirtíocht íseal i spórt, cur le dúnadh na bearna inscne in ionchas saoil. Bhí méadú faoi 70 % beagnach sa ráta báis de bharr ailse an chórais riospráide do mhná ó bhí 1970 ann.

In ainneoin ionchas saoil níos faide, caitheann mná cuid níos mó dá saol faoi mhíchumas agus i ndrochshláinte

Idir na blianta 2007 agus 2010, bhí blianta sláinte ar an meán seasta fós ag 63 agus 62 bliana ag tráth breithe do mhná agus d'fhir araon in AE-27. Ó 2010 go 2012, bhí laghdú beag i mblianta sláinte ar an meán do mhná (ó 63 go 62), chomh maith le fir (ó 62 go 61).


Don tréimhse chéanna (2007-2010), bhí laghdú i mblianta sláinte ag tráth breithe mar chéatadán d'ionchas saoil san iomlán do mhná agus d'fhir araon faoi 1 phointe céatadán ag leibhéal AE. Ar an meán, caitheann mná 76 % dá saol saor ó mhíchumas, agus tá méadú d'fhir don tréimhse sin ag 80 %. De bhrí go raibh méadú in ionchas saoil in AE do mhná agus d'fhir araon ón bhliain 1980 — agus ionchas saoil 80 bliana nó níos mó ag mná sa chuid is mó de na Ballstáit (19) — léiríonn sé treocht ar ábhar buartha í, mar beidh níos mó ama ag mná faoi mhíchumas nó ina ndrochshláinte.

GALAIR CHARDASHOITHÍOCHA, 2010





IONCHAS SAOIL AGUS BLIANTA SLÁINTE (BS) DO MHNÁ AGUS D'FHIR IN AE, 2007-2012



Foinse: Eurostat, Staidreamh sláinte

Is dóichí beagáinín go measfaidh na mná go mbíonn costas mar bhacainn ar rochtain ar chúram sláinte ná na fir

In 2012, ní raibh aon difríocht shuntasach idir mná agus fir maidir le riachtanais ar scrúdú dochtúra nach raibh freastal déanta orthu (7 % de mhná; 6 % d'fhir) agus riachtanais fiacla (7 % de mhná; 7 % d'fhir) ag leibhéal AE. Éiríonn na difríochtaí seo níos suntasaí ag leibhéal na mBallstát, áit a raibh rátaí na mban a fhógraíonn nach raibh freastal déanta ar riachtanais leighis 2 phointe

céatadán níos airde ar a laghad ná rátaí na bhfear, idir 2 go 4 i gcúig Bhallstát. I gcomparáid le 2007, bhí méadú beag i riachtanais leighis nach raibh freastal déanta orthu do mhná agus d'fhir araon ag leibhéal AE in 2012.

Maidir le cúiseanna nach raibh freastal déanta ar riachtanais scrúdú dochtúra, ba é an costas (róchostasach) a rinne an tidirdhealú idir mná agus fir, mar thug 3 % de mhná agus 2 % d'fhir an freagra sin; cé go léiríonn sé sin difear beag. Tá na figiúirí seo inchomparáide den chuid is mó leis an gcás in 2007.

Tograí úsáideacha:

Laghdaigh **galarchosc agus fáthmheas** luath ráta báis ban ba chúis le cineálacha sonracha ailse: bunaíodh scagthástáil saor in aisce d'aile chíce agus cheirbheacs i roinnt Ballstát (BE, DK, DE, EE, IE, FR, HR, CY, LV, LT, HU, SI), ina theannta sin, thug roinnt Ballstát isteach vacsaíniú in aghaidh Papalómaivíreas Daonna do chailíní óga (idir 12 agus 14 bliana d'aois) le hailse cheirbheacs a chosc (BE, DK, IE, FR, CY, HU, MT, PT, RO). Léirítear i dtuairiscí na mBallstát chuig UNECE laghdú in ionfhabhtú úr VEID/SEIF agus i ngalair ghnéas-tarchurtha do mhná agus d'fhir araon i roinnt Ballstát AE trí dhírú ar rath na gclár um chosc. Tá feachtais, láithreáin ghréasáin nó ábhar faisnéise (amhail bróisiúir, paimfléid, bileoga agus leabhráin) forbartha i roinnt tíortha le go mbeidh an pobal feasach maidir le VEID/SEIF (BG, DK, DE, EE, FR, HR, CY, LT, PT, RO). In éineacht leis sin, eagraíodh scágthástáil agus comhairliú saor in aisce agus forbraíodh agus seachadadh clár gnéasoideachais (BE, DK, EL, HR, CY, PT, SK).

Le blianta beaga anuas, tá cláir agus beartais úrnua ar **shláinte mháthartha** forbartha ag cuid mhór Ballstát. Sampla de sin is ea comhairliú agus cúram réamhbhreithe atá tairgthe do gach bean atá ag iompar clainne, saor in aisce den chuid is mó (BE, DE, EE, HR, CY, PL, RO, SI). Ba iad na beartais eile a rinneadh ná cothú cíche a chur chun cinn, tacaíocht a thabhairt do mhná i gcothú cíche agus ospidéal a chruthú atá oiriúnach do leanaí (CY, HU, RO). Sa Pholainn, rinne forbairt aimsiú luath an ráta mortlaíochta imbhreithe a laghdú ó 7.2 % in 2009 go 6.5 % in 2012. Deashampla eile is ea méadú i gcomhairlíd maidir le pleanáil clainne agus rochtain fheabhsaithe ar mhodhanna frithghiniúnacha go háirithe do mhná óga chun líon na nginmhilltí dleathacha a laghdú (BG, DK, DE, IT, CY, LT, NL, AT, PL, PT, RO, SI, SK). I mBallstáit eile, amhail an Fhrainc, bhí líon na nginmhilltí seasta ó bhí 2006 ann agus tá ardchoitiantacht in úsáid fhrithghiniúnach ann.

D'fhorbair roinnt Ballstát **bearta le rochtain a fheabhsú ar sheirbhísí cúram sláinte** agus faisnéis do ghrúpaí imeallaithe áirithe amhail mná faoi mhíchumas, mná tuaithe nó mná as pobail eitneacha difriúla (BE, CZ, DK, DE, EL, LT, PT, RO). Cuireadh béim ar an tiomantas le comhrochtain ag an daonáireamh uile ar an gcóras cúram sláinte a áirithiú in BG, DK, DE, EE, IE, CY, LT, MT, PL, PT, SI, FI trí bhuntáistí cúram sláinte arna riar ag scéim árachais sláinte poiblí.



DUL CHUN CINN AGUS BAIC I RÉIMSE C: MNÁ AGUS SLÁINTE

DUL CHUN CINN

- Tá ionchas saoil in AE ag ardú i measc ban agus fir.
- Tá méadú i mblianta sláintiúla saoil i 15 Bhallstát.
- Go ginearálta, deir mná agus fir go mbíonn rochtain mhaith acu ar chúram sláinte agus nach bhfuil aon riachtanais acu nach ndéantar freastal orthu.
- Ar an iomlán tá laghdú i líon na mbásanna de bharr na ngalar cardashoithíocha.

BAIC

- Tá an bhearna inscne in ionchas saoil á dúnadh go mall.
- Tá méadú ag ráta níos ísle in ionchas saoil na mban, de dheasca athruithe míshláintiúla ar a stíl mhaireachtála.
- Bhí laghdú beag i mblianta sláintiúla ag leibhéal AE agus tá siad níos ísle do mhná.
- Cuireann costais ar chúram sláinte bac ar a rochtain ag mná níos mó ná ag fir.
- Is dóichí go bhfaighidh mná bás de bharr galar cardashoithíoch ná fir.
- Príomhdhúslán fós is ea tabhairt faoi shláinte trí ghné inscne.

An bealach chun tosaigh don Aontas Eorpach

- Ní foláir tabhairt faoi shláinte ó ghné ghnéis agus inscne araon, lena chinntiú go dtuigfear níos fearr cúiseanna bunúsacha na ndifriochtaí i gcásanna sláinte agus i gcoitiantacht galar.
- Is cuid lárnach de shaol na mban rochtain agus ceart ar shláinte atáirgthe agus ní mór tabhairt faoi agus dul i ngleic leis an dúshlán maidir le heaspa comhdhearcaidh sna Ballstáit, maidir le frithghiniúnaigh agus ginmhilleadh.
- Ní foláir a áirithiú go dtugtar go cothrom faoi chaitheamh le mná scothaosta agus faoi mhíchumas maidir le blianta sláinte atá ag laghdú agus ionchas saoil atá ag méadú, mar beidh baol míúsáide agus/nó faillí níos airde orthu.
- Measúnacht a dhéanamh ar dheitéarmanaint sláinte ó ghné inscne le tabhairt faoi phatrúin i stádas sláinte agus i ndrochshláinte atá ag méadú i measc ban.
- Tosaíocht a chur ar bhailiú sonraí sa réimse seo don mheasúnacht.
- Dul i ngleic le bacainní ginearálta agus sonracha in aghaidh ban a bhaineann le rochtain ar chúram sláinte (e.g. costais).
- Comhionannas rochtana ar chúram sláinte do chách a áirithiú (e.g. imircigh bhan).

An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)

Is í an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) an lárionad faisnéise ar chomhionannas inscne. Tacaíonn EIGE le lucht déanta beartas agus le gach foras ábhartha ina gcuid iarrachtaí le réaltacht a dhéanamh de chomhionannas idir mná agus fir do gach Eorpach agus tharstu trí shaineolas ar leith agus sonraí inchomparáide agus iontaoifa ar chomhionannas inscne san Eoraip a chur ar fáil dóibh.

Tuilleadh faisnéise ag: <http://eige.europa.eu>

Is uirlis nuálaíochta agus phraiticiúil é Lárionad Acmhainní agus Doiciméadaithe (RDC) de chuid na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne, a forbraíodh chun cabhrú le príomhacmhainní ar chomhionannas inscne a aimsiú, chun malartú faisnéise a éascú ina measc siúd a bhfuil spéis acu i mbeartais agus i gcleachtas chomhionannais inscne agus chun spás ar líne le haghaidh díospóireachta agus idirphlé a thairiscint.

Tuilleadh faisnéise ag: <http://eige.europa.eu/content/>



Eolas teagmhála:

European Institute for Gender Equality
Gedimino pr. 16
LT-01103 Vilnius
AN LIOTUÁIN/LITHUANIA
Teil. +370 5 215 7444, Teil. +370 5 215 7400

facebook.com/eige.europa.eu

twitter.com/eurogender

youtube.com/eurogender

<https://eurogender.eige.europa.eu>



ISBN 978-92-9218-563-3

doi:1 **MISSING**

MH-04-15-022-DE-N